



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

TUARASCÁIL AR FHEIDHMÍOCHT 2020

Neamhspleách
Neamhchlaonta
Cuiditheach
Tiomanta don tSármhaitheas

Réamhrá	3
Príomhshonraí feidhmíochta 2020	4
Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí ó 2016 go 2020	10

Réamhrá

Cuirtear an phríomhfhaisnéis feidhmíochta ar fáil sa tuarascáil seo i ndáil le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tugtar breac-chuntas sa tuairisciú ar fheidhmíocht in 2020 i gcomparáid le blianta roimhe seo, faoi shé théama agus úsáid á baint as meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla. Is iad na téamaí sin

- an méid a sholáthraímid
- an tionchar a imrímid
- feidhmíocht airgeadais
- an fhoireann agus acmhainní
- acmhainní a fhorbairt
- rannchuidiú idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa tuarascáil faisnéis bhreise agus treochtaí le déanaí chun críocha comparáideacha, chomh maith.

Foilsítear ráiteas straitéise don tréimhse ó 2016 go 2020 ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie). Foilsíodh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse ó 2021 go 2025 ar ár láithreán gréasáin i Nollaig 2020.

Paindéim Covid-19

Ghníomhaigh an Oifig a plean leanúnachais gnó i Márta 2020, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Rinne seo eagraíocht a dhéanann cianoibriú go príomha den Oifig. Níor cuireadh isteach go mór ar ár n-obair agus d'éirigh linn leanúint lenár bpríomh-
aschur iniúcháireachta agus tuairiscithe a sholáthar in 2020. Nuair a chuirtear fad na tréimhse san áireamh ina raibh an oifig ar fad ag cianoibriú, tugadh roinnt beart isteach, cosúil le beartais agus nósanna imeachta nuashonraithe, cibearshlándáil bhreise, anuas ar oiliúint um chosaint sonraí agus cumarsáid rialta bhainistíochta. Tugadh tús áite do thionscnaimh folláine foirne agus tugadh suirbhéanna foirne isteach chun dearcadh na foirne a rianú. Leanadh le cáilíocht iniúcháireachta a bhaint amach trí threoir theicniúil a eisiúint don fhoireann agus do chomhlachtaí iniúchta.

Aithnítear i ráiteas straitéise nua na hOifige gur athraigh an phaindéim an bealach a oibrímid agus chuir sé dlús faoi mhéadú ar chianoibriú go gairid amach anseo. Trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht, fáilteoidimid roimh thimpeallacht athraithe na hoibre agus an ionaid oibre, chun go mbíonn rogha níos fearr samhlacha oibre ag ár ndaoine.

Athbhreithniú Piaráí

Choimisiúnaigh an Oifig athbhreithniú piaraí neamhspleách go luath in 2020 chun feidhmíocht a thomhas in aghaidh caighdeáin agus dea-chleachtas idirnáisiúnta agus chun ceann dár gcuspóirí straitéiseacha ardleibhéil a bhaint amach. Thug grúpa saineolaithe faoi a bhfuil taithí fhairsing acu ar leibhéal bainistíochta sinsearaí sa Ríocht Aontaithe, san Aontas Eorpach agus i gCeanada. Athbhreithniú é athbhreithniú piaraí faoina dtugann daoine a thagann ó nó a bhfuil taithí fhairsing acu ar institiúidí eile iniúcháireachta. Foilsíodh an t-athbhreithniú piaraí, a bhí curtha ar an eolas ag treoirilínte idirnáisiúnta maidir le hathbhreithniú piaraí, i mBealtaine 2020.

Ba é an tátal, ar an iomlán, a baineadh as an athbhreithniú piaraí go ndéanann an Oifig caighdeáin agus dea-chleachtas idirnáisiúnta a leagtar amach i gCreat Tomhais Feidhmíochta an INTOSAI a shásamh nó a shásamh go substainteach. Ghlacamar le gach ceann de thorthaí an ghrúpa athbhreithnithe piaraí agus gheallamar dul i mbun gnímh go pras i leith na moltaí uile.

An méid a sholáthraímid

97%



deimhníodh 97% de chuntais 2019, nuair a tomhaiseadh iad de réir luacha, laistigh de naoi mí i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais
(sprioc 95%)

282



282 iniúchadh déanta ar ráitis airgeadais
(sprioc 275)

21



rinneadh 21 scrúdú a dhéileáil le gnéithe den soláthar seirbhíse poiblí agus acmhainní poiblí a úsáid
(sprioc 25)

Rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an méid a leanas in 2020...

100%



freagairt do 100% d'arrataí ón Aire Airgeadais ar chreidmheasanna ráithiúla a sholáthar chun cistí a eisiúint ó Lár-Chiste an Stáitchiste sular cuireadh tús leis an tréimhse chreidmheasa
(sprioc 100%)

11



rinneadh breithniú ar 11 cheist ar cuireadh an Oifig ar an eolas orthu faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 nó ar bhonn anaithnid

23



freastalaíodh ar gach ceann de na 23 cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí.

An tionchar a imrímid

95%



eisíodh tuairim shoiléir iniúcháireachta i 95% de na ráitis airgeadais a bhreithnigh an Coiste um Chuntais Phoiblí sa bhliain

59



rinneadh 59 moladh a bhí dírithe ar dhea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú, ar ghlac an comhlacht iniúchta le 100% díobh ina n-iomláine nó go páirteach

19



tugadh 19 gceis thábhachtacha chun solais i dtaobh cuntais chomhlachtaí poiblí a thuiscint agus ceisteanna eile chun solais in 51 cás ar measadh go raibh siad tábhachtach i dtaobh úsáideoirí na gcuntas

Tomhaisimid an tionchar a imríonn ár n-obair ar ár n-idirghníomhú le comhlachtaí iniúcháireachta in 2020, ina ndearnamar an méid seo a leanas...

6



cáipéis léargas iniúcháireachta amháin a fhoilsiú, imeacht léargas iniúcháireachta amháin ar líne a chur ar siúl, trí chruinniú faisnéise sheachtracha a sholáthar ar an gcáipéis léargas iniúcháireachta agus chuireamar le tionscnamh dea-chleachtais amháin i limistéar na socrúithe dearbhaithe

1000



breis agus 1,000 ceist ónar theastaigh aird a chur in iúl do bhainistíocht comhlachtaí iniúchta i gcomhfhreagras iariniúchta

Ar fad




tugadh faoi na hiniúchtaí agus na scrúduithe airgeadais uile i gcomhréir le caighdeáin iniúcháireachta idirnáisiúnta

Feidhmíocht airgeadais


Rinne Oifig an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste an méid a
leanas in 2020...

€6.3m



€6.3 milliún de tháilí
iniúchta a bhailiú ar
aon dul le cur chuige
aisghabhála costais
pháirtigh (2019: €7.4
milliún)

€14m



soláthraíodh clár
iniúcháireachta agus
scrúduithe ar chostas
iomlán €14 milliún
(2019: €13.4 milliún)

181



181 ball foirne (coibhéis
lánaimseartha), ar
an meán, ar chostas
tuarastail €11.4 milliún
(2019: 174 CLA, costas
€10.5 milliún).

An fhoireann agus acmhainní

In 2020...

61%



Ba chuntasóirí cáilithe 61% den fhoireann a bhí sannta d'iniúchadh airgeadais agus bhí an fuilleach eile díobh cáilithe go páirteach (cuntasóirí cáilithe iad bainisteoirí atá sannta d'iniúchtaí)

2%



bhí meánráta asláithreachta de bharr breoiteachta 2% ag an bhfoireann

49:51 56:44



ba í an chothromaíocht inscne idir fostaithe baineanna agus fireanna 49:51; ba é an cóimheas 56:44 ar leibhéal bainistíochta sinsearaí

1.3%



ar an meán, íocadh 1.3% ní ba mhó san uair le fostaithe baineanna ná mar a íocadh le fostaithe fireanna

Acmhainní a fhorbairt

Cinntítear, trí thacú leis an bhfoireann trí oideachas agus forbairt leanúnach, go bhfuil an acmhainn againn a theastaigh chun tabhairt faoin gclár oibre. In 2020...

21000



caitheadh breis agus 21,000 uair an chloig ar chúrsaí oiliúna, staidéar gairmiúil agus ar oiliúint a chur ar chéimithe arbh ionann sin agus breis agus 6% den am a bhí ar fáil

€256000



caitheadh €256,000 ar thacú le táillí staidéir iarchéime agus ghairmiúil, oiliúna ar fhorbairt leanúnach agus ballraíochta gairmiúla

69



bhí 69 ball foirne ag tabhairt faoi staidéar gairmiúil cuntasáíochta nó iarchéime

7



chríochnaigh seachtar baill foirne a scrúduithe deiridh agus cáilíodh iad mar chuntasóirí gairmiúla.

Ár rannchuidiú idirnáisiúnta

Mar an t-iniúchóir
earnála poiblí
náisiúnta d'Éirinn,
chuireamar le
hoibleagáidí
idirnáisiúnta trí...



leanúint lenár mballraíocht ceithre bliana de bhord iniúcháireachta Eurocontrol (eagraíocht idir-rialtasach atá freagrach as oibríochtaí aerthráchta atá sábháilte, éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar ar fud na hEorpa) Mar an t-iniúchóir earnála poiblí náisiúnta d'Éirinn, chuireamar le hoibleagáidí idirnáisiúnta trí... agus cathaoirleacht a dhéanamh ar an mbord sin ón 1 Iúil 2019



ceapadh le Coiste Comhairleach Measúnaithe agus Iniúcháireachta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (an EESI) i Lúnasa 2020. Sainghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe é an EESI a thacaíonn le taidhleoireacht agus le comhoibriú in aeriompar.



rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta áirithe le haghaidh iniúchadh poiblí san Eoraip agus ar fud an domhain, ballraíocht d'Fhochoiste Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta Airgeadais an INTOSAI agus d'Fhochoiste Iniúcháireachta Feidhmíochta an INTOSAI san áireamh



Iniúchóir Sinsearach a thabhairt ar iasacht le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar feadh tréimhse ceithre bliana ag oibriú go díreach ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte

Chuir tionchar na paindéime srian ar thoscaireachtaí agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta i gcláir mhalartaithe.

Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí ó 2016 go 2020

Líon na gcuntas faoi réir iniúchta

Tá na cuntais atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste leagtha síos de réir an dlí. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear sa tábla thíos líon na gcuntas do thréimhsí cuntais a chríochnaíonn sna blianta faoi seach – tá na hiniúchtaí le bheith críochnaithe sa bhliain dar gcionn.

Líon na gcuntas faoi réir iniúchta ^a					
Tréimhse chuntais dar críoch	2016	2017	2018	2019	2020
Cuntais vóta	40	41	41	42	44
Cistí Roinne	25	26	27	26	26
Aonáin airgeadais	26	26	28	32	33
Aonáin sláinte	28	28	28	29	29
Comhlachtaí Thuaidh-Theas	7	7	7	7	7
An earnáil oideachais	48	47	47	45	45
Comhlachtaí Leathstáit ^a	111	109	108	105	105
	285	284	286	286	289

Note a: Áirítear leis seo fochuideachtaí comhlachtaí Stáit.

Tá faisnéis faoin soláthar, bearta tionchair agus an fheidhmíocht airgeadais ar fáil sna míreanna seo a leanas.

Soláthar clár


Tá an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais chomhlachtaí poiblí agus cur i láthair na ráiteas airgeadais sin don Oireachtas mar bhonn chun a chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ann maidir le húsáid cistí poiblí.

Iniúchtaí a chríochnaíodh

Taispeántar sa ghraf an líon iniúchtaí a chríochnaíodh i ngach bliain.

I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile atá fágtha, is faoin roinn rialtais ábhartha nó faoin gcomhlacht ábhartha an fhreagracht as na cuntais iniúchta a leagan os comhair an Oireachtais nó as na cuntais a fhoilsiú.



Tráthúlacht deimhniúcháin iniúchtaí


Cuntais dheimhnithe

Déantar príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige maidir le tráthúlacht iniúcháireachta a thomhas trí thagairt a dhéanamh do luach an láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.


Is é an príomhdháta tagartha don Oifig ná deireadh an naoú mí tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais. Le blianta beaga anuas, socraíodh sprioc 95% de réir luacha agus 70% de réir lín.

D'fhonn tráthúlacht iniúcháireachta a chur chun cinn tríd is tríd, tugtar tús áite do chuntais ardluacha a dheimhniú níos luaithe.

Iniúchtaí deimhnithe - de réir luacha



Cuntais a deimhniúdh - de réir lín




Cuntais neamhdheimhnithe

Taispeántar sa ghraf ar dheis líon na n-iniúchtaí atá fós le críochnú ag deireadh gach bliana (cuntais neamhdheimhnithe). Tá sé seo tar éis titim ó 2016 ar aghaidh. Chruthaigh an phaindéim méadú beag ar riaráistí iniúchta ag deireadh 2020, i gcomparáid le blianta beaga anuas.


Foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste tuarascáil ina leagtar amach na comhlachtaí sin inar tháinig moill ar thuairisciú, chomh maith leis na cúiseanna a bhí leis na moilleanna sin. Tá an tuarascáil is déanaí ar fáil ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie).

Cuntais neamhdheimhnithe ag deireadh na bliana



Léirítear sa ghráf seo a leanas próifíl dhréachtchuntais 2019 a cuireadh i láthair lena n-íniúchadh in 2020 i gcomparáid le próifíl na gcuntas a deimhníodh in 2020. Tá ar chomhlachtaí earnála poiblí dréachtchuntais a sheoladh ar aghaidh lena n-íniúchadh dhá nó trí mhí i ndiaidh dheireadh a dtréimhse chuntasaíochta. Faightear tromlach na ndréachtchuntas faoin 31 Márta gach bliain dá bharr. Níl d'acmhainn ag an Oifig na hiniúchtaí uile seo a dhéanamh ag an tráth céanna, agus déanann sé na hiniúchtaí a leathadh i gcaitheamh na bliana dá bharr. Tugtar tús áite do chuntais ardluacha. Tagann méaduithe ar dheimhniúchán dá dheasca ag tráth sé mhí agus naoi mí, nuair is gá na vótaí go léir a dheimhniú agus a chur faoi bhráid an Oireachtais. Críochnaítear na hiniúchtaí eile faoi dheireadh na bliana.

Próifíl dhréachtchuntais 2019 a fuarthas agus a deimhníodh in 2020



Scrúduithe


Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste scrúduithe agus ansin tugann sé tuairisc do Dháil Éireann maidir le hábhair a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Tá tuarascálacha an ARC&C mar bhonn le cuid mhaith den obair a dhéanann an Coiste um Chuntais Phoiblí.

Is é an ARC&C a shocraíonn ábhair scrúdaithe bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar nó an tionchar féideartha a bhaineann leis maidir le feabhsuithe sa riarachán poiblí agus an gá atá le cuntasacht poiblí. Is é an sprioc atá


ann ná go bhfoilsíofar 25 tuairisc gach bliain. Cuirtear tuarascálacha san áireamh sa tuarascáil ar chuntais Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na seirbhísí poiblí a fhoilsítear go bliantúil, nó foilsítear iad mar thuarascálacha speisialta aonair.

Is é an sprioc atá leagtha amach sa ráiteas straitéise reatha 2016-2020 ná líon na dtuarascálacha speisialta agus crosghearrthacha a cuireadh i gcrích sa bhliain a mhéadú. Níor baineadh an sprioc seo amach in 2020 mar gheall ar thionchar na paindéime agus folúntais foirne.

Líon na dtuarascálacha a eisíodh



Caighdeán a chinntiú



Tá cáilíocht ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal

Cáilíocht a dhaingniú laistigh dár gcultúr agus dár gcleachtais ó lá go lá, agus

Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus gníomhú ar na rudaí atá le foghlaim againn.

Tá beartais agus próisis curtha i bhfeidhm againn maidir le hearcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach, cóid iompair, agus athbhreithnithe oibriúcháin ar obair iniúchta airgeadais agus ar thuarascálacha sula bhfoilseofar iad.

Tá bearta inár gcóras rialaithe cáilíochta d'iniúchadh airgeadais chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear athbhreithnithe ar

- » iniúchtaí roghnaithe le linn an iniúchta ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann
- » na hiniúchtaí uile a dhéanann gnólachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh an deimhniúchán sampla d'iniúchtaí tar éis deimhniúcháin ag athbhreithneoir seachtrach uair gach dhá bliain

Mar chuid den chóras rialaithe cáilíochta do scrúduithe atá againn, tá bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear:

- » athbhreithnithe ar scrúduithe roghnaithe le linn an scrúdaithe ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann roimh an deimhniúchán
- » athbhreithnithe iar-thionscadail agus ceardlanna bliantúla don fhoireann
- » athbhreithniú tréimhsiúil a bheith déanta ar shampla de thuarascálacha le hathbhreithneoir seachtrach.

Déantar torthaí na n-athbhreithnithe seo a mheasúnú agus a ionchorprú i riachtanais oiliúna na hOifige.

Tionchar ár gcuid oibre a thomhas

Torthaí ar iniúchtaí airgeadais

Bíonn an t-iniúchadh a dhéanann an ARC&C dírithe ar dhá rud go príomhúil

- cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais,
- rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachais na gcomhlachtaí poiblí, a tuairiscíodh ar bhonn 'eisceachta'.

Tuairim cháilithe iniúchta

Nochtadh tuairim cháilithe ar 14 shraith ráitis airgeadais (5% de líon iomlán na gcuntas) a deimhníodh in 2020. Ba iad na cúiseanna leis na cáilíochtaí go léir ná saincheisteanna a bhain le cuntasáíocht do phinsin.


Béim na ceiste

Féadfaidh deimhniú iniúchta, nuair is cuí, aird a tharraingt ar ábhar atá tábhachtach do léitheoirí maidir leis na ráitis airgeadais a thuiscint. Fuair 19 sraith ráitis airgeadais a deimhníodh in 2020, tuarascáil iniúchta inar cuimsíodh ailt um béim ar ábhar. Bhain siad seo go príomha leis an modh cuntasáíochta do phinsin (16 chás) agus le bunús gnóthais leantaigh na cuntasáíochta (3 chás).

Ceisteanna eile tábhachtacha

Tuairiscíonn an ARC&C trí eisceacht má shainníonn sé idirbhearta neamhrialta ábhartha (e.g. airgead poiblí nár caitheadh é chun na gcríoch a beartaíodh) nó i gcás nach léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh an chomhlachta iniúchta leis na socruithe rialachais atá leagtha amach sa chód cleachtais rialachais atá aige. Áirítear leis seo cásanna ina bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta. Bhí 51 cás den sort sin sna tuarascálacha iniúchta ar ráitis airgeadais a deimhníodh in 2020. Catagóirítear na saincheisteanna atá i gceist sa chairt.

Ceisteanna eile tábhachtacha a tugadh faoi deara i dtuarascálacha iniúchta



Nóta

An neamhchomhlíonadh soláthair – is é is 'ábhartha' ná €500,000 nó níos mó a sholáthar i dtréimhse chuntais amháin, beag beann ar scála soláthair an chomhlachta lena mbaimeann.

I measc na n-ábhar cuntasáíochta eile ná nuair a thugtar aird ar cheisteanna a thugann an AE le fios agus a chuimsítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais agus tagairtí sa deimhniú iniúchta le tuarascáil an ARC&C.

Nithe a pléadh leis an mbainistíocht

Chomh maith leis na tuarascálacha foilsithe, cuireann an t-iniúchadh le luach trí chomhfhreagras iar-iniúchta a eisiúint a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le comhlachtaí a rialú agus a mbainistíocht inmheánach a fheabhsú trí thorthaí, moltaí agus deiseanna feabhsúcháin a mholadh dóibh.

Taispeántar sa chairt na cineálacha saincheisteanna a tugadh chun solais do chomhlachtaí i leith na ráiteas airgeadais a deimhníodh in 2020.

Go ginearálta, bíonn easnaimh sna nósanna imeachta dá dtagraítear sa chomhfhreagras maidir le nósanna imeachta a d'fhéadfadh, mura dtugtar aghaidh orthu, a fhágáil go mbeadh caillteanais ann do na comhlachtaí, nó tuairisciú míchruinn airgeadais, neamhchomhlíonadh nósanna imeachta cuí nó noirm rialachais don tseirbhís phoiblí.


Tionchar na moltaí de bhun scrúduithe

Tá moltaí sonracha sna tuairiscí maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe mar aon le freagraí an chomhlachta iniúchta.

Go ginearálta, ghlac comhlachtaí iniúchta leis na moltaí a rinneadh.

Tá leagtha amach sa tábla ar dheis líon na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha mar aon leis an gcion a ghlac comhlachtaí.

Líon na ceisteanna a pléadh le lucht bainistíochta - cuntais deimhnithe in 2020



	2016	2017	2018	2019	2020
Líon na moltaí a foilsíodh Glactha ag comhlachtaí iniúchta	46	42	47	38	59
Glactha go páirteach ag comhlachtaí iniúchta	83%	93%	94%	95%	95%
Glactha go páirteach ag comhlachtaí iniúchta	13%	7%	4%	5%	5%

Léargas

Iniúchóireachta

Bunaíodh an tAonad Léargas Iníúchóireachta san Oifig in 2019. Is é cuspóir léargas iniúchóireachta chun deiseanna foghlama a shainaithint agus a roinnt do chomhlachtaí trí eolas a sholáthar faoi shaincheisteanna agus samplaí dea-chleachtais a thagann aníos arís agus arís eile, a shainaithnítear trínár n-obair iniúchta agus thuairiscithe airgeadais.

Foilsíonn an tAonad Léargas Iníúchóireachta tuarascálacha ina gcuimsítear moltaí áisiúla nó samplaí de dhea-chleachtas is féidir a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí agus tacaíonn sé le himeachtaí dóibh siúd a bhfuil baint acu i riarachán poiblí a roinneann léargas ar dhea-chleachtas ó áiteanna ar fud na hearnála poiblí. Cumhdaíonn na himeachtaí ábhair ar nós cleachtais bhainistíochta airgeadais agus rialachais.

Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe

Sa dara leath den bhliain 2020, d'fhoilsigh an Oifig cáipéis treorach faoi Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe. Forbraíodh an treoir seo mar chuid dár gclár Léargas Iníúchóireachta chun cabhrú le coistí bainistíochta agus iniúchóireachta nuair a bhreithníonn siad an tionchar a d'imir paindéim Covid-19 ar thimpeallacht rialaithe eagraíochtaí earnála poiblí.

I ndiaidh gur foilsíodh é, chuir an Oifig trí chruinniú faisnéise ar siúl ar an gcáipéis Léargas Iníúchóireachta Covid-19 ag Comhdháil Bhliantúil an Líonra Gníomhaireachtaí Seirbhísí Corparáideacha, do na Cinn Airgeadais agus na Cinn Iníúchóireachta Inmheánaí i Ranna Rialtais.

Imeacht ar líne

Chuir an Oifig imeacht leathlae ar líne ar siúl do chliant leathstáit ar an Tuarascáil Speisialta 101 Samhail Aibíochta Bainistíochta Airgeadais - Treoir Dhea-Chleachtais, a chuir samhail aibíochta bainistíochta airgeadais i láthair a d'fhorbair Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, go príomha lena húsáid ag comhlachtaí earnála poiblí chun féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcleachtais bhainistíochta airgeadais. Chuir an t-imeacht léargas ar fáil ó réimse peirspictíochtaí ar an tsamhail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Imeachtaí eile

Rinneamar cur i láthair ag imeacht Fóram Rialachais an Fhorais Riaracháin maidir lena chinntiú go bhfuil socruithe dearbhaithe oiriúnach don fheidhm.

Feidhmíocht airgeadais

Tugtar achoimre sa tábla ar phríomhshonraí airgeadais agus sonraí soláthair foirne sonraí don tréimhse cúig bliana anuas.

Tá an Oifig maoinithe ar an mbealach céanna a mhaoinear ranna rialtais tríd an bpróiseas meastachán bliantúil ina gceadaíonn Dáil Éireann meastachán ar fháltais agus ar chaiteachas gach bliain agus bronnann sé éifeacht reachtúil ar na meastachán in Acht Leithreasa bliantúil.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, tá ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, a thuirscionn an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim a chuireann Dáil Éireann ar fáil.

Déanann gnóthas neamhspleách cuntasóirí a cheapann an ARC&C cuntas leithreasa na hOifige a iniúchadh. Is ionann costais phárolla agus 82% de chostas bliantúil na hOifige. Deimhníonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rátaí pá. Gearrtar táille iniúchta maidir le hiniúchtaí áirithe airgeadais nuair a dheimhnítear an cuntas.

Déantar iniúchtaí airgeadais a sheachfhoinsiú. Is éard atá i gceist le costais eile táillí oiliúna agus forbartha, ballraíochta gairmiúla, costais teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide, chóiríochta, costais dlí agus obair shainchomhairleoireachta nuair a fhostaítear saineolaithe chun tacú le hobair scrúdaithe.

	2016	2017	2018	2019	2020
Costais airgeadais	€000	€000	€000	€000	€000
Costas oibriúcháin iomlána ^a	11,567	11,923	13,059	13,799	14,301
arb é atá ann					
Costais foirne ^a	9,376	9,898	10,133	10,871	11,759
Costais taistil	517	549	626	611	156
Iniúchtaí ar conradh	497	372	959	1,088	824
Costais eile	1,177	1,104	1,341	1,229	1,562
Ioncam					
Táillí iniúchta a bailíodh ^b	6,112	5,592	6,301	7,390	6,277
ASC (PRD)	402	394	427	374	339
Glanchoas an Stáitchiste	5,053	5,937	6,331	6,035	7,685

Foinse: Sleachta as cuntais leithreasa iniúchta de chuid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste - ar fáil ag www.audit.gov.ie

Nóta

- a Athshonraíodh costais foirne i dtréimhsí roimhe seo chun ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ó thuarastail (ar a dtugtaí asbhaint a bhaineann le pinsean roimhe seo) a choinnítear mar leithreasú i gcabhair.
- b Ní gearrtar aon táillí i leith iniúchadh na gcuntas leithreasa agus na scrúduithe a dhéantar.

Foireann

Leibhéal soláthair foirne

Sa tábla, léirítear meánlíon na foirne a fhostaítear gach bliain bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (CLA). De ghnáth bíonn an difríocht idir an líon údaraithe agus an meánlíon iarbhír fostaithe gach bliain mar gheall ar an aga moille idir dáta imeachta na foirne agus críochnú na bpróiseas earcaíochta.

Is éard a léirítear le hathrú foirne ná gach uile bhall a fhágann an comhlacht in aghaidh na bliana mar chion den mheánlíon atá fostaithe.


Líonta foirne					
	2016	2017	2018	2019	2020
Líonta foirne	WTE	WTE	WTE	WTE	WTE
Meánlíon fostaithe	145	147	165	174	181
Uasta údaraithe	164	164	174	178	187
Mar % den líon foirne	88%	90%	95%	98%	97%
Ráta athrúcháin foirne i rith na bliana	15%	14%	10%	9%	10.7%

Líon foirne mar choibhéis de réir na n-acmhainní eile a úsáidtear					
Foireann ar Conradh	8	9	1	1	2
Iníuchtaí ar Conradh	6	5	9	8	6

Seirbhísí ar conradh

Cuireann an Oifig foinsiú allamuigh ar iniúchtaí airgeadais roghnaithe mar bhealach chun freastal ar chuid den bhorradh a tháinig ar éileamh iniúchta agus chun deimhniú tráthúil na ráiteas airgeadais a éascú. Tá comhaontú le ceardchumainn na foirne chun obair iniúchta a sheachfhoinsiú ar feadh ocht gcoibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana ar an meán sa tréimhse 2018 go 2020. Déantar gnóthais a sholáthar go hiomaíoch chun tabhairt faoin obair seo.

Cuirtear cuntasóirí cáilithe ar conradh ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gearra chun bearnaí sealadacha a líonadh a thagann chun cinn nuair a imíonn an fhoireann bhuan. Tá laghdú tagtha ar an rogha seo de réir mar a rinneadh an líon foirne a líonadh.




Suirbhéanna ar fhostaithe

Cuireadh tús le suirbhéanna PULSE a dhéanamh ar fhostaithe i mBealtaine 2020. Eisítear gach coicís iad, agus tá mar chuspóir ag an suirbhé léargas fíor-ama a thabhairt don bhainistíocht shinsearach ar fholláine fostaithe, trí sheiceáil PULSE a sholáthar ar ábhair thábhachtacha cosúil leis an timpeallacht chianoibre agus cumarsáid. Ní athraítear na ceisteanna sa suirbhé lena chinntiú gur féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir folláine fostaithe ar bhonn tréimhse i ndiaidh tréimhse. Feidhmíonn sé freisin mar uirlis éifeachtach chun aiseolas a eisiúint ar conas atá saincheisteanna áirithe á láimhseáil ag an eagraíocht agus conas atá deiseanna á dtabhairt le fios aige chun feabhsú a dhéanamh, a cheadaíonn don bhainistíocht anailís agus gníomh a dhéanamh láithreach bonn.



I rith na sraithe suirbhéanna, tugann na treochtaí a tháinig chun solais go dtí seo le fios go gcuireann freagróirí in iúl go bhfuil spion maith orthu agus go gceapann siad go bhfuil siad á gcoimeád ar an eolas is déanaí faoi fhreagairt na hOifige do Covid-19 agus tugann siad le fios gur féidir leo oibriú go maith ó chian. Tugadh buarthaí a bhaineann le TF agus trealamh eile chun solais agus táthar ag dul i ngleic leo.

Mothú foriomlán



Cothromaíocht inscne

Miondealú inscne de réir gráid



Léirítear sa ghraf thuas an miondealú inscne ag gach ceann de na príomhghráid san Oifig. Is de bhun próiseas iomaíoch a dhéantar gach aon ardú céime.

Ar an iomlán, tá cóimheas 49:51 ann idir fostaithe baineanna agus fireanna. Ar an dá leibhéal níos sinsearaí, is é 56:44 an cóimheas idir fostaithe baineanna agus fireanna.

Ag deireadh 2020, bhí conarthaí uaireanta laghdaithe á n-oibriú ag 13% d'fhostaithe baineanna (postroinnt, saoire thuismitheoireachta, bliain oibre níos giorra, etc.). Bhí 4% d'fhostaithe fireanna ag oibriú ar conarthaí uaireanta laghdaithe.

Difreálaigh phá

Íoctar luach saothair le gach aon bhall foirne ar bhonn scálaí tuarastail incriminteacha i ndáil leis na gráid éagsúla. Ní dhéantar aon íocaíochtaí bónais.

Don dara bliain i ndiaidh a chéile, ní raibh aon bhearna pá inscne ann san Oifig. Íocadh 1.3% ba mhó, ar an meán, in aghaidh na huaire conartha le fostaithe baineanna ná fostaithe fireanna i measc na ngrád uile in 2020 agus in 2019, íocadh 1.6% ní ba lú le fostaithe baineanna ná mar a íocadh le fostaithe fireanna.

Ceapaimid gurb ionann bearna dhifreálach pá níos lú ná 2% agus cothromaíocht a bhaint amach. Tagann seo go mór leis an mbearna phá inscne in Éirinn, a d'fhoilsigh Eurostat i Samhain 2020, a thug le fios gur íocadh 14.1% ní ba lú le mná i gcomparáid le fir.

Éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú



Cuireann ár ndaoine réimse scileanna, tallainne, smaointeoireacht éagsúil agus eispéireas dearfach ar fáil don Oifig. Geallaimid inár Ráiteas Éagsúlachta do thimpeallacht dhearfach oibre a chothabháil ina mbraitheann an fhoireann go léir go bhfuil meas orthu agus go gcuirtear san áireamh iad. Tá ár Ráiteas Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe ar fáil ag www.audit.gov.ie.

Déantar ár n-earcaíocht agus ardú céime de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus an Chóid Chleachtas arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is faoi chreat beartais agus nósanna imeachta na státseirbhíse a fheidhmímid, ina gcuimsítear na ceanglais reachtaíochta uile maidir leis an reachtaíocht chomhionannais, mhíchumais agus cheart daonna.

Aithnítear inár Ráiteas Straitéise ó 2021 go 2025 gur gá dúinn tacú

lenár ndaoine go bhfeidhmíonn siad go gníomhach, go hardoilte agus go láidir chun ár n-eagraíocht a neartú. Teastaíonn uainn go leanfaidh ár n-ionad oibre de bheith ionchuimsitheach agus éagsúil agus go léirítear ann meas ar chearta daonna agus comhionannas ár ndaoine.

Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht ina measc siúd ar mian leo teacht ar ár láithreán gréasáin. Rinneamar bogearraí inrochtaineachta a shuiteáil in 2020 ar ár láithreán gréasáin a cheadódh d'éagsúlacht níos fairsinge daoine teacht ar ábhar ár láithreáin ghréasáin ar bhealach a chuireann a riachtanais agus a gcumas ar leith san áireamh. Cuireann na bogearraí feidhmiúlacht téacs go teanga, gnéithe stíleála inoiriúnaithe, áiseanna tacaíochta léitheoireachta agus uirlis aistriúcháin ar fáil i mbreis agus 100 teanga, 35 glór téacs go teanga agus go leor gnéithe eile san áireamh.

Bród

Le Bród a cheiliúradh i Meitheamh 2020, d'eisigh an Oifig cuireadh don fhoireann go léir páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán oscailte ar ghrúpa fostaithe agus cairde LGBTI+ a bhunú. Pléadh stuchtúir ata beartaithe, ag spreagadh ardan oscailte chun riachtanaid bhaill LGBTI+ agus comhghuaillithe laistigh dár n-Oifig a thuiscint mar aon le haidhmeanna agus cloche míle féideartha a d'fhéadfaí a bhaint amach. I ndiaidh an chomhairliúcháin, dheonaigh grúpa foirne grúpa fostaithe agus cairde LGBTI+ na hOifige a bhunú. In Eanáir 2021, rinneadh suirbhé ar an bhfoireann chun ainm a roghnú don ghrúpa agus i ndiaidh freagairt dhíograiseach, ghlac an grúpa go hoifigiúil leis an ainm Gaeilge 'Bród'.



Bunaíodh Bród chun tacaíocht a thairiscint dár gcomhghleacaithe agus dár gcairde LGBTI+, agus chun cultúr na hOifige a chothú atá éagsúil agus ag fairsingiú. Is í an aidhm cur le cultúr agus timpeallacht na hOifige trí chur le cláir reatha folláine agus chúnamh fostaithe atá á n-oibriú faoi láthair agus idirchaidreamh a dhéanamh le líonraí idirnáisiúnta agus náisiúnta fostaithe LGBTI+ sibhialta agus poiblí eile.

Acmhainní a fhorbairt


Foghlaim agus forbairt

Is cuntasóirí cáilithe iad gach aon bhainisteoir ar iniúchtaí airgeadais – is éard atá i bhfoirne iniúchóireachta ná meascán de chuntasóirí cáilithe agus cuntasóirí atá faoi oiliúint.

Dearadh ár mbeartais agus ár nósanna imeachta pearsanra chun a chinntiú go bhfuil go leor foirne againn a bhfuil an cumas, an inniúlacht agus an tiomantas acu do na prionsabail eiticiúla atá riachtanach chun scrúduithe a dhéanamh agus chun iniúchtaí a dhéanamh de réir na gcaighdeán gairmiúil.

Cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil maidir le cúrsaí agus scrúduithe do na baill foirne a thugann faoi cháilíochtaí iarchéime a bhaint amach agus do bhaill foirne atá ag déanamh iarrachta cáilíochtaí cuntasáíochta gairmiúla a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, glacann ár bhfoireann páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha a bhfuil a sonraí leagtha amach sa ghraf.



Mic Léinn ó Ollscoil Luimnigh

Tionscnamh é Clár Oideachais Chomhoibrithigh Ollscoil Luimnigh ar thacaíomar leis agus ar bhaineamar tairbhe as ar feadh go leor blianta. Gach bliain, tosaíonn roinnt mic léinn sa tríú bliain dá gcéim ag oibriú leis an Oifig ar feadh tréimhse ocht mí. Tugann seo an deis do mhic léinn taithe luachmhar ar an láthair oibre a fháil in ionad oibre éagsúil agus dinimiciúil agus cur lena n-iarrachtaí acadúla freisin. Cuidíonn an léargas a fuarthas ar oibríú an ionaid oibre leo an t-eolas agus an hinniúlachtaí atá mar chuid dá gcuid staidéir chéime a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

In 2020, ghlacamar le naonúr mic léinn a d'oibrigh inár rannán iniúchóireachta airgeadais. In 2021, beartaímid an clár seo a shíneadh go dtí limistéir eile dár n-obair, cosúil le cumarsáid agus TFC.

Freagrachtaí corparáideacha


Íocaíochtaí prasa

Rialáítear íocaíocht sonrasc in am i reachtaíocht lena bhforáiltear go n-íocfar ús ar shonraisc bhailí nach bhfuil íoctha tar éis 30 lá ón dáta fála.

Ina theannta sin, éilíonn beartas an Rialtais go n-íocfaidh comhlachtaí poiblí soláthraithe laistigh de 15 lá ón sonrasc a fháil. Glacaimid le sonrasc a bheith faighte nuair atá sé críochnaithe agus bainteach le hearraí agus seirbhísí a foréilíodh go sonrasc atá faighte.

Léirítear sa ghraf ár bhfeidhmíocht in 2020 maidir le tráthúlacht íocaíochtaí le soláthraithe. Íocadh íocaíochtaí le soláthraithe a raibh comhluch €47,726 orthu lasmuigh den teorainn 30 lá, agus gearradh íocaíochtaí úis €674 agus íocaíochtaí cúitimh €630 orthu.

Feidhmíocht um íocaíocht phrasa



Nóta

Ríomhtar ús ar íocaíocht dhéanach i leith na tréimhse dar tosach an lá tar éis an dáta dhlite agus dar críoch nuair a ndéantar an íocaíocht. Ní féidir leis an soláthraí ús atá le hóc a tharscaoileadh agus ní mór é a chur san áireamh leis an méid atá iníoctha le haghaidh an tsonraisc.

Ídiú fuinnimh


Leag an Rialtas sprioc chun feabhas 33% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí faoin mbliain 2020. Tomhaistear ár bhfeidhmíocht i dtaobh an sprioc seo a bhaint amach maidir leis an líon foirne atá fostaithe (coibhéis lánaimseartha).

Taispeántar sa ghraf gurbh ionann éifeachtúlacht fuinnimh in 2020 agus 57.7% (2019: 45.3%) níos fearr ná an bhonnlíne, 36.8% níos fearr ná sprioc

2020 agus 36.8% níos fearr ná sprioc 'glidepath'. Is dóchúla gurb éard is cúis leis seo, áfach, an laghdú mór ar bhailí foirne san oifig mar gheall ar shrianta Covid-19.

Baineann an Oifig úsáid as córas tomhais fuinnimh a ligeann dúinn anailís níos mine a dhéanamh ar ár n-úsáid leictreachais agus réimsí a aithint le haghaidh tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh.

Úsáid fuinnimh in aghaidh an bhaill foirne



Note

Taispeántar na figiúirí in kWh in aghaidh na coibhéise lánaimseartha. Glacann an Oifig páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) chun ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú. Cuireann an SEAI fachtóir tionaithe i bhfeidhm chun tionchar comhshaoil cineálacha éagsúla fuinnimh a chur san áireamh.

Tá figiúirí fuinnimh le haghaidh 2019 bunaithe ar léamha fuinnimh a thuairiscigh an soláthraí fuinnimh don Oifig. Tá na figiúirí faoi réir a bhfíoraíthe mar chuid de phróiseas tuairiscithe an SEAI agus tabharfar cothrom le dáta iad i lár mhí Lúnasa.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Cuireadh tús le Scéim na Gaeilge, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, le héifeacht ó Mhárta 2018 agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige (www.audit.gov.ie). Agus forálacha an Achta á gcur san áireamh, éillítear sa scéim go bhfoilseofar go comhuaineach doiciméid áirithe i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an Oifig tiomanta do na spriocdoiciméid go léir a fhoilsiú go comhuaineach.

Athchóiríodh láithreán gréasáin na hOifige in 2019 agus tá sé níos éasca teacht ar leaganacha Gaeilge d'fhaisnéis fhoilsithe anois. Chomh fada agus is féidir, cuirtear ábhar nua a chuirtear in airde ar an láithreán gréasáin ar fáil go comhuaineach sa dá theanga.

In 2020, foilsíodh gach foilseachán corparáideach sa dá theanga go comhuaineach.

Mar gheall ar an bhfráma ama reachtúil docht ina gcaithfear iniúchtaí ar chuntais leithreasa a dhéanamh, bíonn sé dúshlánach na cuntais dheimhniithe agus aon tuarascálacha ar ábhair a eascraíonn as na hiniúchtaí sin a fhoilsiú go comhuaineach.

- Bhí na cuntais leithreasa go léir don bhliain 2019 a foilsíodh an 30 Meán Fómhair 2020 ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar lá an fhoilsithe.
- Foilsíodh 18 gcaibidil i dTuarascáil 2019 ar na Cuntais i mBéarla an 30 Meán Fómhair 2020, ní raibh ach ceann amháin ar fáil i nGaeilge. Laistigh de sheachtain i ndiaidh iad a fhoilsiú, foilsíodh deich gcaibidil bhreise i nGaeilge agus agus foilsíodh na seacht gcaibidil eile i nGaeilge faoin 14 Deireadh Fómhair 2020.

Bhí drochthionchar ag an bpaindéim ar sprioc na hOifige feabhas suntasach a thabhairt ar fheidhmíocht chomhuaineach na bhfoilseachán do chaibidlí tuarascála bliantúla 2019. Tá súil againn go dtiocfaidh feabhas mór air seo in 2020.

Nochtadh

Cé go ndearna an Oifig atheagrú suntasach ar a próisis táirgthe agus go raibh súil leis feabhas mór a chur ar fheidhmíocht an fhoilsithe chomhuainigh i gcás chaibidlí tuarascáil bhliantúil 2019, d'imir an phaindéim drochthionchar ar an sprioc seo. á súil againn go dtiocfaidh feabhas mór air seo in 2020.

Tá treoir maidir le conas nochtadh cosanta a dhéanamh le fáil ar ár suíomh gréasáin www.audit.gov.ie